# Scéal, Scéal, Scéal ...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

9 Márta 2023 || Eagrán 137

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus deis a thabairt daoibh bheith páirteach i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tá fáilte 's fiche romhaibh altanna, scéalta, filíocht nó léirmheas fiú a réiteach agus a sheoladh chugainn don nuachtlitir, chuile sheachtain! Chomh maith le sin, cuireann muid fáilte roimh chomhfhreagras ón bpobal maidir le bealaí ar bith gur féidir linn cúnamh nó tacaíocht a thabhairt daoibh. Is féidir teacht orainn in Inis Fáil, sa Spidéal (trasna ón séipéal) nó ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com



# GRADAIM OSCAR 2023

Tá an-spéis á chur i gceantar Chois Fharraige i mbronnadh ghradaim Oscar na bliana seo a fhógrófar tráthnóna an Domhnaigh bhig seo, 12 Márta. Fuair an líon is mó Éireannach ainmniúcháin i mbliana agus tá slua mór bailithe sall. Is údar bróid an-mhór a bhfuil bainte amach ag an scannán An Cailín Ciúin, scannán a d’eascair as an scéim Cine 4 a bhfuil TG4 lárnach ann. Tá Kate Nic Chonaonaigh as an gCoilleach sa Spidéal i bpáirt mháthair an Chailín Chiúin agus ‘sí Máire Ní Chonláin as Baile ‘n tSagairt sa Spidéal Feidhmeannach TG4 an scannáin agus tá siad beirt agus a gcuid gúnaí deasa bailithe leo go Los Angeles: Cathair na nAingeal!







Tá deis ag The Banshees of Inisherin ar slám duaiseanna a thabhairt abhaile leo. ‘Sé Martin Mc Donagh a scríobh agus a léirigh an scannán agus tá trí ainmniúchán faighte aige, ceann acu don stiúrthóir is fearr. Beidh suim ar leith á chur ag muintir Bhoth Chuana sa Spidéal i scéal Mháirtín mar go bhfuil a athair agus a mháthair ina gcónaí ar an mbaile sin. Guíonn muid an-seachtain dóibh ar fad thall agus chuile rath orthu sa Dolby Theatre san Hollywood and Highland Center san oíche Dé Domhnaigh.



# CORN UÍ CHON CHEANAINN 2023

Reáchtáilfear comórtas sean-nóis do mhic léinn triú leibhéal in Áras na Gaillimhe in Ollscoil na Gaillimhe ar an Satharn beag seo, 11 Márta ag 2.00 i.n. Is i gcuimne ar Chiarán Ó Con Cheanainn scoláire agus amhránaí breá sean-nóis a sciob an bás agus gan ach ocht mbliana fichead slánaithe aige, an comórtas seo. B'as Sáile Chuanna, taobh thiar den Spidéal do Chiarán. Is iomaí sin gradam a bhain sé amach ina shaol gearr. Is fiú iad seo leanas a lua: Craobh na hÉireann sa bhFleadh Cheoil, Corn Mháire Nic Dhonnchadha, an chéad áit i gComórtas Sean-Nóis na bhFear ag an Oireachtas in 1999 agus an bhuaic Corn Uí Riada i gCorcaigh in 2008, an té ab óige ariamh a thug leis an corn. Sa mbliain 2015 tháinig comhghleacaithe agus cairde Chiaráin le chéile i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath le chéile le tús a chur le Corn Uí Chon Cheanainn d'fhonn cuimhne Chiaráin a bhuanú i measc aos ollscoile. I mBaile Átha Cliath a bhí an comórtas ar bun go dtí seo. Is tráthúil gur in Ollscoil na Gaillimhe, alma mater Chiaráin ina aice lena cheantar dúchais i gCois Fharraige a bheas an turas amach as an bpríomhchathair ag an gcomórtas. Tá alt breá ag Áine Ní Bhreasláin faoi Chiarán ar shuíomh Thaisce Chois Fharraige. Is féidir teacht ar an alt ach a ainm a chuartú. Is fiú go mór cuairt a thabhairt air. Cuirfear fáilte mhór roimh phobal Chois Fharraige san Ollscoil ar an Satharn. Ní bheidh aon táille ar an doras ach más mian le daoine síntiús a thabhairt seolfar na síntiúis chuig Ciste Tacaíochta Rónáin Mhic Aodha Bhuí.

TAISCE CHOIS FHARRAIGE

Corn Uí Chon Ceanainn

# CEARDLANN
# CISEÁN BLÁTHANNA NA CÁSCA

## Ceardlann
## Ciseán Bláthanna na Cásca

**Dé Máirt 28 Márta @ 7:00i.n.**
**Tigh Chualáin**

Bláthanna agus Bronntanais Charoline
086 3887703
H91 X29Y
"An Rós Óir," An Teach Mór, Indreabhán Co. na Gaillimhe.



Costas
€20
an duine

**Clárú ag ocptchoisfharraige@gmail.com**

**Líon na spásanna teoranta!!!**

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**Cláraigh go luath le d'áit a chur in áirithe! Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag ocptchoisfharraige@gmail.com le clárú.**

# FOLÚNTAS: COMHLACHT FORBARTHA AN SPIDÉIL

**Tá post mar bhainisteoir ginearálta á thairiscint ag Comhlacht Forbartha an Spidéil Teoranta. Is post buan ar conradh atá á thairiscint. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm clár oibre forbartha pobail bliantúil a aontaítear idir Comhlacht Forbartha an Spidéil agus Údarás na Gaeltachta. Beidh sé/sí freagrach freisin as plean gníomhaíochta cúig bliana don cheantar feidhme atá á ullmhú mar aon le bainistiú ar ghnó laethúil an chomhlachta. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comhlacht Forbartha an Spidéil, ar an Spidéal. Duine cumasach a bhfuil taithí oibre agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre maidir le forbairt pobail nó in ábhar gaolmhar atá á lorg. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal forbartha agus trádála, chomh maith le taithí ar chórais bhogearraí ar nós Word & Excel. Tá sé tábhachtach go bhfuil taithí ar bhainistiú airgeadais ag iarrthóirí agus go bhfuil ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa ag iarrthóirí chomh maith le taithí i mbainistiú agus neartú foirne. Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifig an comhlachta sa Spidéal, Co. na Gaillimhe. Le cur isteach ar an bpost, is féidir litir iarratais mar aon le CV (post cláraithe molta), chuig: Earcú CFS TEO, Comhlacht Forbartha an Spidéil, An Spidéal, Co na Gaillimhe, H91 CHO1; nó ar roímhphost le Earcú CFS TEO sa líne ábhar chuig; anspideal2022@gmail.com roimh 4i.n. ar an 16 Márta 2023.**

Údarás na Gaeltachta



# Campa Iománaíochta na Cásca
# Bearna / na Forbacha

CLUB IOMANAÍOCHTA
BEARNA/NA FORBACHA
BUNAITHE 1992



Do pháistí faoi 8-faoi 12

10:00 go 13:00 ag páirc na bhForbacha
Dé Máirt 11ú – Déardaoin 13ú Aibreán

€45 an páiste nó €70 do bheirt

Seol téacs ag;

Donna: 087 6340846
DD: 087 3412929
Ruán: 083 0730656

le háit a dheimhniú

GAA

STIÚIDEO Cuan

# Féasta Ceoil an Spidéil '23

## Spring Concert Series 2023

| | |
|---|---|
| 24.02 | Téada |
| 10.03 | Líadan |
| 17 & 18.03 | Paddy Keenan |
| 23.03 | Slide |
| 24.03 | The Bonny Men |
| 25.03 | Skipper's Alley |
| 06.04 | Raw Bar Collective |
| 07.04 | Na Casaidigh |
| 20.04 | Altan |
| 21.04 | T With The Maggies |
| 19.05 | Cherish The Ladies |

www.stiuideocuan.ie

An Spidéal, Co na Gaillimhe

# LÁ'L PÁDHRAIC SA SPIDÉAL

Tá Paráid na Féile Pádhraic ar ais sa Spidéal! Is é an Coiste Turasóireachta de chuid Chomhlacht Forbartha an Spidéil atá á eagrú agus tá siad ar a mbionda ag spreagadh an phobail le páirt a ghlacadh in imeachtaí an lae. Tá "Cath na mBailte" beartaithe acu agus duais ar fáil don "float" is fearr. Tá duais fhlaithiúil ar fáil freisin don flóta is fearr a bhainfidh leas as Gaeilge. Tá an coiste ag súil go réiteoidh daoine agus grúpaí áitiúla flótaí don pharáid. Beidh neart siamsaíochta ceoil, spóirt, craic agus comhluadair sa Spidéal don Fhéile Náisiúnta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch ar 087 2252505 nó 091553004.



# OIFIGEACH FORBARTHA SNA hEALAÍONA DON ÓIGE


Tá Oifigeach Forbartha sna hEalaíona don Óige á lorg ag Ealaín na Gaeltachta Teo, ar chonradh 2 bhliain. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le saineolas i gcúrsaí forbartha agus oiliúna i réimse na n-ealaíon don óige, le líofacht Gaeilge labhartha agus cruinneas na Gaeilge scríofa chomh maith le taithí a bheith ag obair le daoine óga agus tuiscint ar a gcuid riachtanas. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh eolas ag iarrthóirí ar pholasaithe agus dea-chleachtais obair óige, agus ar chomhthéacs agus ar pholasaithe do na healaíona in Éirinn. Beidh an conradh ar feadh tréimhse dhá bhliain agus íocfar scála tuarastail ag brath ar cháilíochtaí agus taithí. Beidh taistil i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu. Le cur isteach ar an bpost, is féidir iarratas agus CV a sheoladh chuig Feidhmeannach Forbartha na nEalaíon, Údarás na Gaeltachta, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 10ú Márta @ 4i.n. Is féidir breis eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht ag m.fearraigh@udaras.ie

# SCÉIM EALAÍONTÓIRÍ I SCOILEANNA 2023

Tá Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna oscailte anois. Is scéim de chuid Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe í a chuireann maoiniú ar fáil d'ealaíontóirí chun oibriú i mbunscoileanna agus meánscoileanna na Gaillimhe. Is é cuspóir na scéime seo ná taithí a thabhairt do scoileanna, daltaí agus múinteoirí a bheith ag obair i gcomhar le healaíontóirí gairmiúla ar thionscadail cruthaitheacha. Is féidir níos mó eolais a fháil ag 091 509 000.

# 'MURDAR' AR AN LOCHÁN BEAG

Pléifear an leabhar 'Murdar' ar an Lochán Beag ag seisiún na míosa seo de Chlub Leabhar Chois Fharraige ar an gCéadaoin 15 Márta i dTigh Mholly. Is é Peadar Ó Máille, úinéara tí Mholly, údar an leabhair, leabhar ina gcíortar gach ar bhain le heachtra a tharla in aice le Tigh Mholly i mí Feabhra 1919 nuair a ionsaíodh beirt dheartháireacha a bhí ag dul abhaile ón teach ósta. Bhásaigh duine acu, Pádraig Ó Droighneáin, san ospidéal i nGaillimh go gairid i ndiaidh an eachtra. Cuireadh i leith athair an údair, Peadar Ó Máille, gurbh é a scaoil an t-urchar ba chúis le bás an Droighneánaigh agus chuaigh sé i bhfolach. Beidh Peadar Ó Máille i láthair chomh maith le Cormac Ó Comhraí, staraí as na Forbacha, an té a scríobh Sa Bhearna Bhaoil leabhar faoi Chogadh na Saoirse i gConamara. Is féidir 'Murdar' ar an Lochán Beag a cheannach ó Chló Iar-Chonnacht sa Spidéal. Cuirfear fáilte roimh chách ag an imeacht atá ar chlár imeachtaí Sheachtain na Gaeilge atá á eagrú ag Conradh na Gaeilge. Ag 8.00 i.n a chuirfear tús leis an ócáid.




# FOLÚNTAIS AG AN ITT

Tá an ITT sa tóir ar Leas-Bhainisteoir Cúraim Leanaí agus ar Riarthóir Airgeadais & Oifige faoi láthair. Ní mór d'iarrthóirí taithí agus cáilíocht Leibhéal 6 nó níos airde i gCúram Leanaí a bheith acu. Tá sé riachtanach go bhfuil Gaeilge de chaighdeán maith ag iarrthóirí. Tá deiseanna lánaimseartha agus páirt-aimseartha mar oibrithe luathbhlianta ag an ITT freisin. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 i gCúram Leanaí a bheith acu. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an ITT ag ittancranntaca@gmail.com

# BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA NA GAILLIMHE & ROS COMÁIN AG CEILIÚRADH

Bhí an Bord Oideachais agus Oiliúna ag ceiliúradh 10 mbliana ar an bhfód an tseachtain seo caite. Is scoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin í Coláiste Cholmcille. Bhí comórtas ealaíne againn sa scoil chun an chúig bhunluach a cheiliúradh. Is iad Meas, Barr Feabhais san Oideachas, Cúram, Comhionannas agus Pobal an chúig bhunluach. Rinne scoláirí na scoile ar fad an-iarracht agus tréaslaíonn muid leo as ucht an ardchaighdeán saothair ealaíne a rinne siad ar fad. Tá an obair ar taispeántas sa scoil faoi láthair. Bronnadh duaiseanna ar Mhailí de Chléir (Bliain 2), Darragh Mac Aodha agus Caoimhe Ní Fhlatharta (Bliain 6).








# FOLÚNTAS: SCÉAL EILE

Tá Comharchumann Shailearna sa tóir ar dhuine nua le bheith mar bhall dá bhfoireann ag an siopa Scéal Eile. Dé Sathairn idir 10r.n. - 6i.n. a bheadh an té ag obair sa siopa. Is féidir litir iarratais chomh maith le CV a sheoladh chuig: An Bainisteoir, Comharchumann Shailearna Teo, Na hAille, Indreabhán, Co na Gaillimhe roimh 5i.n. Dé Máirt 14 Márta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bpost ach teagmháil a dhéanamh leis an gComharchumann ag sailearna@gmail.com nó ag 091 399 199

# OÍCHE AMHRÁNAÍOCHTA SNA FORBACHA

**Tá oíche amhránaíochta á reáchtáil i dTigh Phádraigín ar an Domhnach 12 Márta mar cheiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge. Cuirfear tús leis an ócáid @ 7:30 i.n. agus 'sé Seán Ó Gráinne a bheas i láthair mar fhear an tí.**




**Fáilte roimh chách - idir éisteoirí agus amhránaithe!**
**Scaip an scéal!**